CINEÁLTAS

Acmhainn Oideachas Forbartha do Ranganna Sinsearacha na mBunscoileanna

Foghlaim maidir le SFI 16 trí scéalta dhá theaghlach ón tSúdáin Theas

Trócaire

CLÁR ÁBHAIR

MAIDIR LE TRÓCAIRE 3

CONAS AN ACMHAINN A ÚSÁID 4

NAISC CHURACLAIM 5

NA SPRIOCANNA FORBARTHA INBHUANAITHE (SFI) 6
Gníomhaíocht 1: Féach & Foghlaim faoi SFI 7
Gníomhaíocht 2: Biongó SFI 7

RADHARC AR AN TSÚDÁIN THEAS
Gníomhaíocht 3: Seo iad Teaghlaigh Awut agus Ajak 8

SÍOCHÁIN&CÓIR/INSTITIÚIDÍ LÁIDRE 9
Gníomhaíocht 4: Domhan Síochánta 9
Gníomhaíocht 5: Brioscaí Córa 10
Gníomhaíocht 6: Mura mBeadh ach 100 Duine ar Domhan 11
Gníomhaíocht 7: Mo Chearta mar Leanbh 13
Gníomhaíocht 8: Na Daoine a Chinntíonn ár gCearta 14

COINBHLEACHT 15
Gníomhaíocht 9: Cad is féidir liomsa a dhéanamh? 15
Gníomhaíocht 10: Coinbhleacht ar domhan 16

CINEÁLTAS 17
Gníomhaíocht 11: Crann an Chineáltais 17

GNÍOMHAIRÍ ATHRAITHE 18
Gníomhaíocht 12: Imir an Cluiche 18
Gníomhaíocht 13: An Cluiche is Ansa Liom 19
Gníomhaíocht 14: Bí Gníomhach! 19

AGUISÍNÍ 21



Muintir Malek ag iascaireacht.
Grianghraf: Achuoth Deng

MAIDIR LE TRÓCAIRE

Ciallaíonn Trócaire an chomhbhá. Eagras forbartha agus cearta an duine muid a bhunaíodh i 1973 agus 2 aidhm mhóra againn:

- Tacaíocht agus abhcóideacht a chur ar fáil don mhuintir ar fud an domhain atá faoi bhochtaineacht.
- Muintir na hÉireann a oiliúint maidir leis an mbochtaineacht dhomhanda agus ceisteanna cheartais.

Creideann Trócaire gur rugadh gach fear, bean agus páiste ar bhonn an chomhionannais. Tá brí níos leithne ná easpa riachtanas an tsaoil leis an mbochtaineacht. Bíonn easpa deiseanna, easpa cumhachta, easpa gutha agus easpa smachta ag daoine ar a saol féin i gceist chomh maith. Tarlaíonn athruithe fírinneacha buan nuair a éiríonn leis an bpobal na cearta bunúsacha a fháil dóibh féin. Bíonn tionchar againn ar a leithéid nuair a bhímid ag comhoibriú leis na heagraíochtaí áitiúla a bhonn ag fulaingt ón mbochtaineacht agus ón neamhionannas.

Ciallaíonn an pháirtíocht go mbímid ag obair le daoine indibhidiúla, le heagrais áitiúla agus leis an bpobal, chun na hathruithe a theastaíonn uathu a chur i bhfeidhm.Baineann an pháirtíocht leis an ndlúthpháirtíocht, an meas agus an cumhachtú.

Tá obair oideachas forbartha Trócaire bunaithe ar na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe(SFI).Ciallaíonn an fhorbairt inbhuanaithe go dtarlaíonn an fhorbairt ar bhealach nach gcuirfidh isteach ar shaol na ndaoine, ná ar chearta na nglúnta atá le teacht, ach oiread. Bhí tionchar uafásach ag an Covid-19 ar phobal an domhan, agus ar mhuintir na hÉireann chomh maith. Mar sin féin, léirigh an pobal an muintearas agus an chomhbhá go mór lena chéile. Tugann an Covid le fios dúinn go bhfuilimid spleách ar an domhan mórthimpeall orainn, agus ar gach neach beo ann.

OBAIR TRÓCAIRE SA TSÚDÁIN THEAS

Trócaire mar pháirtithe CAFOD (Gníomhaireacht Chaitliceach don Fhorbairt Thar Lear), sa tSúdáin Theas, ón mbliain 2015.

Is iad muintir CAFOD ár gcomhpháirtithe i Sasana agus sa Bhreatain Bheag. Is í An tSúdáin Theas an tír is nuaí ar domhan. Tar éis chogadh a lean ar feadh na mblianta, d'éirigh siad saor ón tSúdáin sa bhliain 2011. Thosaigh cogadh cathartha sa bhliain 2013 áfach, agus tá an pobal ag fulaingt ón gcoinbhleacht, ón díshealbhú, ón mbochtaineacht, ón ocras dá bharr. Oibríonn Trócaire le slándáil feabhsaithe bhia a chur ar fáil, le breis cumhachtú na mban agus le córas feabhsaithe séarachais agus le soláthar slán uisce a chur ar fáil chomh maith. Tá breis eolais faoi obair Trócaire sa tSúdáin Theas anseo.

Eolas faoin tSúdáin Theas

Bratach na Súdáine Theas

Príomhchathair: Juba

Daonra: 11.9 milliún

Teanga Oifigiúil: Béarla

Teangacha Eile: Labhraítear breis agus seasca teanga dhúchasach éagsúil sa tSúdáin Theas

Ionchas saoil (meán): 55 bl.

Neamhlitearthacht: 73% de dhaoine fásta



CONAS AN ACMHAINN SEO A ÚSÁID

Ciallaíonn oideachas forbartha go mbíonn próiseas gníomhach cruthaitheach á chothú a chuirfidh le tuiscint na bpáistí maidir leis an domhan idirnasctha.

Tugtar dúshlán na smaointe steiréitipiciúla a bheadh ag daoine maidir le ceisteanna cearta daonna domhanda, agus spreagtar daoine chun gnímh le domhan cóir a chruthú. Lionsa atá ann le radharc éagsúil a fháil ar ábhar an churaclaim.

Acmhainn tras-churaclaim atá anseo, do na Ranganna Sinsearacha/ KS2 agus é bunaithe ar na **Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe(SFI)**, ag díriú ar sprioc 16: Síocháin agus Cóir/Institiúidí Láidre. Déanann sé scrúdú ar an mbealach ina gcabhraíonn an cairdeas is an cineáltas leis na teaghlaigh, teacht thar an anró. Tugtar an t-eolas i rith na ngníomhaíochtaí, agus tugtar nod ama freisin. Ní ceacht iomlán amháin gach aon ghníomhaíocht – is féidir cur leis agus baint ón acmhainn de réir mar a n-oireann daoibh.

Leanann na ceachtanna moltaí an rialtais maidir leis an scaradh sóisialta agus fisiceach, agus an gá atá ann, gan a bheith ag roinnt ábhair. Tugtar na bileoga oibre mar aguisíní ag deireadh na hacmhainne.

Má scrúdaíonn na daltaí an acmhainn seo beidh ar a gcumas:

- 'Síocháin agus Cóir/Institiúidí Láidre' a mhíniú trí lionsa chearta na leanaí.
- Saol dhá theaghlach sa tSúdáin Theas a phlé
- Gníomhartha an chineáltais a aithint is a cheiliúradh
- Gníomhú ar son an athraithe sóisialta trí chluichí a chruthú

Déantar téamaí an chairdis is an chineáltais a iniúchadh i scéal Awut agus Ajak, beirt mháthair a chónaíonn i Malek, Stát na Lochanna sa tSúdáin Theas. Chabhraigh na mná seo agus a gcuid páistí lena chéile, saol úr rathúil a chruthú dóibh féin in áit agus in aghaidh an angair.



Tá PowerPoint ar fáil a thugann eolas breise faoi Awut agus Ajak.

Acmhainn atá anseo, in oiriúint do na Ranganna Sinsearacha/ KS2. Tá acmhainn ag Good Neighbours atá in oiriúint do na ranganna sóisearacha sa bhunscoil/KS1.

Má tá breis eolais faoi úsáid na hacmhainne seo, is féidir clárú le CPD anseo.

Ajak: 'Gabhaim buíochas aisti. Ardaíonn sí mé nuair a bhím thíos leis, agus déanaimse amhlaidh. Dlúthchara atá inti.'

Awut: 'Roinnimid gach rud lena chéile. Bímid ag feirmeoireacht lena chéile. Féachaimid chuige go maireann an dá chlann go síochánta lena chéile.'

Ajak (34) agus Ngor (8 mí), Awut (48) agus Nyajima (2). Grianghraf: Achuoth Deng

NAISC CHURACLAIM

Poblacht na hÉireann	Ábhar	Snáithe	Snáithaonad
Gníomhaíocht 1, 2 agus 3	Tíreolaíocht OSPS	An Comhshaol Daonna Mise agus an Domhan Mórthimpeall orm	Daoine & Tíortha eile; Trádáil agus forbairt Saoránacht a chothú
Gníomhaíocht 4	Gníomhaíocht thras-churaclaim atá anseo		
Gníomhaíocht 5	Teanga: Teanga Labhartha	Taighde & úsáid	Iarratais, ceisteanna & idirghníomhartha
Gníomhaíocht 6	Mata	Uimhreas	Cothromóidí; céatadáin; oibríocht
Gníomhaíocht 7	OSPS	Mise & an domhan leathan; Mise & an duine eile	Pobail i ngar is i gcéin; Cumarsáid
Gníomhaíocht 8	OSPS Tíreolaíocht	Mise & an domhan leathan Léarscáileanna, cruinneoga agus scileanna grafacha	Saoránacht a chothú Mapaí, cruinneoga, pictiúir a úsáid
Gníomhaíocht 9	OSPS	Mise & an duine eile	Dáimh le daoine eile
Gníomhaíocht 10	Teanga: Teanga Labhartha	Tuiscint	Tuiscint a léiriú
Gníomhaíocht 11	Na hAmharc-ealaíona Creidimh	Tógáil An mhoráltacht Chríostaí	Tógáil Dínit an duine, teagasc sóisialta
Gníomhaíocht 12 & 13	Teanga: Léamh, Scríobh	Tuiscint; Scrúdú agus úsáid	Foclóir; Intinn/seánra/ guth

Tuaisceart Éireann	Ábhar	Snáithe	Snáithaonad
Gníomhaíocht 1 & 2	An Domhan Mórthimpeall Orainn PDMU	Ag foghlaim conas maireachtáil mar bhall den phobal	Tionchar na n-athruithe deimhneacha agus diúltacha ar domhan Ár ról mar Thomhaltóirí
Gníomhaíocht 2	An Domhan Mórthimpeall Orainn PDMU	Athrú le hAm Ag foghlaim conas maireachtáil mar bhall den phobal	Tionchar na n-athruithe deimhneacha agus diúltacha ar domhan Ár ról mar Thomhaltóirí
Gníomhaíocht 3	An Domhan Mórthimpeall Orainn PDMU	Idirspleáchas Ionad Comhthuiscint sa phobal i ngar is i gcéin	Daoine/Comhshaol/An Saol Nádúrtha Tionchar an ionaid ar an mbeatha Cosúlachtaí & Éagsúlachtaí
Gníomhaíocht 4	Na hEalaíona	Ealaín & Dearadh	Líníocht
Gníomhaíocht 5	Teanga & Litearthacht	Labhairt & Éisteacht	Plé Ranga
Gníomhaíocht 6	Mata & Uimhearthacht	Uimhreas	Ionadluach; Céatadáin
Gníomhaíocht 7	PDMU	Comhthuiscint sa phobal i ngar is i gcéin	Cearta an Duine & Freagracht Shóisialta
Gníomhaíocht 8	PDMU An Domhan Mórthimpeall Orainn	Comhthuiscint sa phobal i ngar is i gcéin Idirspleáchas	Cearta an Duine & Freagracht Shóisialta Conas a ghníomhaíonn siad ar domhan
Gníomhaíocht 9	PDMU	Féinfheasacht & Sláinte	Mothúcháin
Gníomhaíocht 10	Teanga & Litearthacht	Labhairt & Éisteacht	Freagairt a thabhairt do threoracha
Gníomhaíocht 11	Na hEalaíona Creideamh	Ealaín & Dearadh An Mhoráltacht Chríostaí	Réimse meán a úsáid le smaointe agus cuspóirí a chur i gcrích Dínit an Duine, Teagasc Sóisialta
Gníomhaíocht 12 agus 13	Teanga & Litearthacht	Léamh; Scríobh	Scileanna Léitheoireachta; Scríobh ar fáthanna éagsúla

NA SPRIOCANNA FORBARTHA INBHUANAITHE (SFI)

Eagraíocht idirnáisiúnta idir-rialtasach a chuireann an comhoibriú i measc na náisiún chun cinn is ea Náisiúin Aontaithe (NA). Bunaíodh sa bhliain 1945 é i ndiaidh an dara chogadh domhanda, ionas nach dtarlódh a leithéid arís. Tá an ceannáras i Nua Eabhrac, agus na príomhoifigí eile sa Vin, sa Ghinéiv, agus i Nairobi. Cuireann na tíortha ionadaí amháin chuig na NA. Is í ionadaí nua na hÉireann ná Geraldine Byrne Nason (2021).

Tá breis eolais faoi na NA anseo.

Ag cruinniú mullaigh na NA, chruthaigh ceannairí an domhain na Spriocanna Domhanda don Fhorbairt Inbhuanaithe, ar a dtugtar na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFI), i mí Mheán Fómhair na bliana 2015.

Tá 17 sprioc ann agus trí aidhm móra rompu: deireadh a chur le bochtaineacht, an neamhionannas a throid, agus an pláinéad a chosaint, faoin mbliain 2030. Spriocanna domhanda atá iontu, tá gach tír ar domhan tiomanta chuige, iad a chur i bhfeidhm, Poblacht na hÉireann agus an Ríocht Aontaithe san áireamh. Déanfaidh na rialtais, na hinstitiúidí agus na saoránaigh ar fud na cruinne gach iarracht deireadh a chur le gach saghas bochtaineachta agus neamhionannais, agus gach iarracht á dhéanamh acu an pláinéad a chosaint chomh maith.

a) = 'C
is M

GNÍOMHAÍOCHT 1: BREATHNAIGH AGUS FOGHLAIM MAR GHEALL AR NA SFI

Aidhm
Feasacht agus tuiscint na SFI a chothú

Acmhainní
Beochan 'Malala introducing The World's Largest Lesson', páipéar, peann/peann luaidhe

Am
20 nóiméad

Céim 1

Ríomhann na daltaí an aois a bheidh acu sa bhliain 2030 agus deir siad cén saghas domhain ba mhaith leo ag an uair úd.

Céim 2

Mínigh na SFI. Abair leo gur chruthaigh na NA plean le cinntiú go dtiocfaidh athruithe ar domhan a rachaidh chun leasa an phobail dhomhanda, agus a chaomhnóidh an comhshaol. Cuireann 'Malala introducing The World's Largest Lesson'.

Céim 3

a) Pléigh tábhacht na SFI leis an rang ar fad agus freagair na ceisteanna:

b) An bhfuil gá leis na SFI? Cén fáth?

c) Cad é an 'sárchumhacht' dhaonna? An cuimhin leat aon chumhacht eile a luaitear san fhíseán?

d) Conas is féidir linn na fadhbanna tromchúiseacha a luaitear san fhíseán a leigheas?

Breis eolais

Tugann an beochan Human Beans animation léargas eile ar na SFI. Tá míniú simplí ar na téarmaí don oide ar an mbileog leideanna seo.

GNÍOMHAÍOCHT 2: BIONGÓ SFI

Aidhm
Treisiú ar an eolas maidir leis na SFI

Acmhainní
Roth, Aguisín 1: SFI Cárta Biongó

Am
20 nóiméad

Céim 1

Priontáil Aguisín 1: Cárta Biongó SFI, déan fótachóip an duine/beirt

Céim 2

Roghnaíonn na daltaí 6 sprioc, ceann amháin le cur i ngach aon bhosca ar an gcárta biongó.

Idirdhealú

Líonann na páistí na boscaí ar an gcárta biongó, nó is féidir leo na dathanna, na siombailí nó na huimhreacha a úsáid.

Céim 3

Cas an roth le SFI fánach a roghnú.

Céim 4

Míníonn na daltaí brí na sprice agus marcálann ar an gcárta mas ann dó. Deir an chéad duine a fhaigheann sé sprioc agus an cárta líonta: BIONGÓ!

Gníomhaíocht Shínithe

Roghnaíonn an dalta sprioc amháin, cóipeálann é, agus dathaíonn é le meán ar bith a oireann. Cuir na spriocanna déanta ar taispeáint ar scoil le go bhfeicfidh cách iad.

GNÍOMHAÍOCHT 3: SEO IAD TEAGHLAIGH AWUT AGUS AJAK

Aidhm

Scéalta dhá theaghlach ón tSúdáin Theas atá le sonrú ar bhosca Trócaire an Charghais 2021 a scrúdú

Acmhainní

PowerPoint 'Grianghraif ón tSúdáin Theas '

Am

40 nóiméad

Tabhair faoi deara nach bhfuil anseo ach radharc amháin ar an tSúdáin Theas. Déan deimhin de nach ndéantar treisiú ar steiréitíopáil sa cheacht seo. Baineann an choinbhleacht agus an bhochtaineacht le saol na ndaoine seo, ach ní hamhlaidh do chách ón tSúdáin Theas ná don mhuintir a chónaíonn ann. Dírigh más féidir, ar ghnéithe deimhneacha na tíre, mar chothromaíocht an scéil. Níl sa tSúdáin Theas ach tír amháin in ilchríoch mhór na hAfraice, agus mar sin moltar gan chur síos ar na daoine seo go gcónaíonn siad san Afraic. Má bhíonn an t-idirlíon ar scoil agaibh d'fhéadfaí taighde a dhéanamh ar líne maidir le 5 fíoras na Súdáine Theas sula gcuirtear tús leis an ngníomhaíocht. Mínigh gur tír í ina bhfuil éagsúlacht chultúrtha agus dírigh ar ghnéithe deimhneacha an chultúir. Déan taighde agus aimsigh fíorais faoin tír, agus cuir i gcomparáid leis an scéal in Éirinn iad.

Céim 1

Déan íoslódáil ar an PowerPoint agus taispeáin don rang é. Tá nótaí faoin scéal leis na sleamhnáin, agus plé/gníomhartha molta chomh maith.

Céim 2

Ar bhain aon ghné de scéal na ngrianghraf stad asat? Pléigh an rud a thaitin leat/nár thaitin leat, leis an rang iomlán.

Céim 3

Cad iad na gníomhartha cineáltais atá le sonrú sa scéal? Déan liosta ranga díobh.

Samplaí:

- Chabhraigh na daoine ó Malek le Awut agus lena clann nuair a tháinig sí chucu gan faic na fríde aici.
- Chabhraigh Awut le Ajak nuair a tháinig sí chuici gan faic na fríde aici.
- Chabhraigh Chiech lena dheartháir óg Ngor, atá ag iarraidh siúil a dhéanamh.
- Roinneann Yomjima is na cailíní fásta, na torthaí le Nyibak.

Nyajima (2) ag súgradh le Nyibak (5). Grianghraf: Achuoth Deng

SÍOCHÁIN & CÓIR/ INSTITIÚIDÍ LÁIDRE

Ciallaíonn an focal bíobalta 'síocháin', i bhfad níos mó ná easpa foréigin.

Ciallaíonn an focal Giúdach shalom, gach a mbronnann dea-shláinte agus folláine orainn.

Ciallaíonn an focal Gréigise ón Tiomna Nua eirene go mbristear anuas na baic a thógtar idir dhaoine. Tá sé riachtanach go mbeadh pobal iomlán an domhain, saor ón uile shaghas imeagla, agus go mothóidís slán agus iad ag maireachtáil faoi dhínit. Is í aidhm Sprioc16 ná an tsochaí chuimsitheach shíochánta a chur chun cinn, ina mbeadh an fhorbairt inbhuanaithe. Caithfear féachaint chuige go mbíonn an ceartas ar fáil do chách, agus institiúidí éifeachtacha, freagracha, cuimsitheacha á tógáil ag gach leibhéal den tsochaí.

Beidh na coincheapa 'Síocháin & Cóir/Institiúidí Láidre' á scrúdú againn sna gníomhaíochtaí a leanann.

GNÍOMHAÍOCHT 4: DOMHAN SÍOCHÁNTA

Aidhm

An coincheap faoin gcruth a bheadh ar domhan síochánta a thuiscint

Acmhainní

Aguisín 2: 'Domhan Síochánta'. Páipéar daite A3/A4, dathanna, ábhar athchúrsáilte

Am

30 nóimead

Arsa Awut: 'Mairigí faoi shíocháin! Ba mhaith liom go mbeadh sé ar chumas chách, maireachtáil go síochánta gan aon choinbhleacht.'

Céim 1

Abair leis na daltaí na súile a dhúnadh agus an domhan síochánta a shamhlú, ar feadh nóiméid.

Céim 2

Priontáil Aguisín 2: 'Domhan Síochánta' agus bronn cóip ar gach péire daltaí. Críochnaídís an abairt: 'Domhan síochánta ná …' Samplaí, domhan gan chogadh, áit ina mbíonn scolaíocht ar fáil do chách, áit ina ndéileáiltear le buachaillí agus cailíní ar bhonn cothrom.

Céim 3

Roinneann an rang a gcuid smaointe lena chéile. Déan taifead de na tuairimí ar an gclár bán/smeach-chairt.

Céim 4

Scríobhadh an rang sainmhíniú den seomra ranga síochánta. Sampla: áit ina ndéileáiltear le gach duine ar bhonn cothrom, áit ina dtugtar éisteacht do chách, agus nach mbíonn foréigean ar bith ann.

Céim 5

Aontaigh lena chéile maidir le 3/4/5 nós imeachta atá riachtanach le seomra ranga síochánta a chruthú.

Céim 6

Cruthaigh póstaer le bhur sainmhíniú den seomra ranga síochánta scríofa air, agus scríobh síos na nósanna imeachta ar chairt an ranga. Is féidir ábhair éagsúla a úsáid leis an bpóstaer a dhathú: colláis, dathanna, ábhar athchúrsáilte agus mar sin de.

Gníomhaíocht Shínithe

An Scoil Shíochánta. Conas is féidir í a chinntiú? Bíodh tionól scoile agaibh leis na smaointe a roinnt agus le díospóireacht a thosú maidir leis na bealaí ina bhféadfaí scoil shíochánta a chruthú. Scríobh cairt na scoile síochánta.

*Mura mbíonn deis ann an tionól a bheith ann de bharr scaradh sóisialta, croch an póstaer taobh amuigh de dhoras an ranga le go dtabharfaidh cách faoi deara é. Spreag na ranganna eile leis an rud céanna a dhéanamh.

GNÍOMHAÍOCHT 5: BRIOSCAÍ CÓRA

Aidhm

An coincheap: 'Ní hionann an caitheamh cothrom agus an déileáil chéanna' a thuiscint.

Acmhainní

Aguisín 3: Brioscaí Córa, Aguisín 4: 'An Bhfuil sé Cothrom?', páipéar, peann/peann luaidhe

Am

15 nóiméad

Cás

Roinn grúpa 5 dhalta paicéad brioscaí eatarthu. Bhí 10 mbriosca sa phaicéad. Níor roinneadh na brioscaí go cothrom. Tháinig an múinteoir isteach le paicéad eile de na brioscaí céanna. Bhreathnaigh sí ar na plátaí agus í ag roinnt na mbrioscaí nua. Bhronn sí 4 bhriosca ar Jenny, 3 ar Áine, 1 ar Sara, 2 ar Mark agus gan aon cheann ar Sheán. Rinne Seán gearán ag rá nach raibh sé cothrom nach bhfuair sé briosca, agus gur cheart go bhfaigheadh gach duine an méid céanna.

Céim 1

Priontáil Aguisín 3: Brioscaí Córa.

Céim 2

Tarraing an méid brioscaí a thug an múinteoir do na daoine éagsúla ar na plátaí.



Céim 3

Cé mhéad brioscaí ar fad atá ag gach dalta?

Céim 4

Pléigh. An aontaíonn tú le Seán? Cad é an bealach is cothroime ina roinnfeadh an múinteoir na brioscaí eatarthu? Cén fáth gur thug an múinteoir méid éagsúil brioscaí do na daoine óga?

Nóta: Má chuirtear deireadh leis an scaradh sóisialta, is féidir fíor-phlátaí agus brioscaí a úsáid.

Céim 5

Féachadh an rang ar an bpictiúir in Aguisín 4: 'An Bhfuil sé Cothrom?' agus pléigh na ceisteanna: An ionann an chothromaíocht agus an ceartas i gcónaí? An bhfuil an cás sa chéad phictiúir cothrom? Cén fáth go bhfuil/nach bhfuil/? Conas mar atá an pictiúr sin éagsúil ón dara phictiúr? Cad a chiallaíonn an pictiúr sin i ndomhan an lae inniu? Pléigh na téarmaí ceartas, ionannas agus cothroime. An gciallaíonn siad an rud céanna?

GNÍOMHAÍOCHT 6: MURA MBEADH ACH 100 DUINE AR DOMHAN

Aidhm

Tuiscint a bheith againn gur áit éagothrom é an domhan agus nach mbeirtear cách leis na deiseanna céanna

Acmhainní

Físeán 'If the World Was Only 100 People', Aguisín 5: 'If the World Was Only 100 People', peann/peann luaidhe

Am

20 nóiméad

Céim 1

Iarr ar na daltaí a rá cé mhéad duine a chónaíonn ar domhan. Tá 7.8 billiún duine ar an bpláinéad de réir na meastacháin is déanaí ó na NA.

Céim 2

An féidir leo 7.8 billiún duine a shamhlú? Tá sé deacair smaoineamh ar an oiread sin duine. Leis an scéal a dhéanamh níos fusa dóibh, abair leo a shamhlú nach bhfuil ach 100 duine ar domhan, a chónaíonn in aon áit amháin.

Idirdhealú

Má tá taithí ag na daltaí ar chéatadáin a úsáid, abair leo go n-úsáidtear na céatadáin don ghníomhaíocht seo toisc go bhfuil na huimhreacha chomh mór sin.

Céim 3

Mínigh dóibh, ar nós na ndaltaí leis na brioscaí, go n-úsáideann aicmí áirithe níos mó d'acmhainní an domhain, seachas aicmí eile. Ciallaíonn sé seo go mbíonn níos lú acmhainní mar bhia, leictreachas, uisce, fothain ar fáil do na daoine eile.

Céim 4

Priontáil agus scaip Aguisín 5: 'Mura mbeadh ach 100 duine ar domhan' agus iarr ar na daltaí na tomhais a dhéanamh.

Nóta: Ní léarscáil Mercator é seo, an ceann is coitianta a bhíonn in úsáid. Baintear úsáid as teilgean cothrom mapa Peters, a léiríonn tomhas na réigiún i gcomparáid lena chéile i gceart.

Céim 5

Breathnaigh ar an bhfíseán 'If the World Was Only 100 People' agus líon na freagraí. Cé hiad na daoine is mó/is lú a mbeadh rochtain acu ar acmhainní? Conas san?

Déan taighde faoin gcoilíniú agus an tionchar a bhíonn ag ró-úsáid acmhainní ar an athrú aeráide.

Céim 6

D'fhoghlaimíomar i nGníomhaíocht 3 faoi scéalta Awut agus Ajak. Cén éagóir a imríodh orthu agus ar a muintir. Mar shampla, éagóir ba ea é gur díláithríodh iad.

Gníomhaíocht Sínithe

Bí ag Ríomh!

- Rinneadh an físeán sa bhliain 2014 nuair a bhí 7.6 billiún duine ar domhan. Tháinig ardú ar an daonra ó shin, agus tá 7.8 billiún ann faoi láthair. Cé mhéad duine a bheidh ar domhan sa bhliain 2030, má leanann an treocht chéanna?
- Má rud é gur léiriú an domhain é an rang sin agaibhse, cé mhéad duine a mbeadh bia, uisce glan, leictreachas agaibh? Scríobh na freagraí i gcolún an ranga ar Aguisín 5.



CEARTA NA LEANAÍ

Is comhaontas ceangailteach idirnáisiúnta é Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (UNCRC), maidir le cearta na leanaí. Ghlac Comhthionól Ginearálta na NA go foirmiúil leis sa bhliain 1989. Tuigtear gur riachtanach na rudaí iad ó thaobh le forbairt agus dínit an duine a chur chun cinn. Tá sé daingnithe go háitiúil ag formhór na dtíortha ar domhan. Dhaingnigh Poblacht na hÉireann é sa bhliain 1992 agus an Ríocht Aontaithe sa bhliain1991. Tá an dá rialtas tiomanta chuige, cearta na leanaí a chur ar aghaidh agus a chomhlíonadh.

Is iad Stáit Aontaithe Mheiriceá an t-aon tír nár dhaingnigh an coinbhinsiún go fóill.

Tá cnuasach airteagal taobh istigh den choinbhinsiún ó thaobh chearta sóisialta, eacnamaíoch agus cultúrtha. Ina measc tá an ceart caighdeán sásúil maireachtála a bheith ag an leanbh (bia, éadaí agus tithíocht), an ceart ar chaighdeán ard chúram leighis, an ceart ar oideachas agus an ceart ar shlándáil shóisialta.

Glacann na leanaí leis an gcead súgartha i gcampa na ndaoine díláithrithe go hinmheánach i Juba, An tSúdáin Theas.
Grianghraf: Caritas International

GNÍOMHAÍOCHT 7: MO CHEARTA MAR LEANBH

Aidhm

Cearta na Leanaí a scrúdú, agus an bealach ina gcuirtear i bhfeidhm go háitiúil iad a aithint

Acmhainní

Aguisín 7: Cártaí Cearta na Leanaí

Am

30 nóiméad

Céim 1

Taispeáin lógó na NA ar an gclár bán agus iarr ar na daltaí a rá cad atá á léiriú air. Seasann mapa an domhain do thíortha agus do mhuintir an domhain ar fad. Tá an Mol Thuaidh ag an lár. Dé ghnáth feictear an Mol Thuaidh ar bharr, agus an Eoraip i lár. Cuireann tíortha eile ar domhain iad féin i lár an mhapa. Cad is brí leis an radharc éagsúil seo? Déantar an fhleasc sa lógó as géaga crosála an chrainn olóige, rud a chiallaíonn an tsíocháin. Is iad an gorm is an bán dathanna oifigiúla na NA.

Céim 2

Iarr ar an rang, na rudaí a bhíonn de dhíth ar na leanaí a rá, agus an ábaltacht a bheadh uathu le saol sláintiúil sona a chaitheamh. Scríobh liosta ranga. Mínigh dóibh go ndearna na NA liosta chomh maith. Tugtar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh air.

Céim 3

Fótachóipeáil Aguisín 7: Cártaí Cearta Leanaí, agus gearr amach foireann chártaí an phéire do na scoláirí. Féach cén méid de na cearta a bhí istigh acu ar liosta an ranga.

Céim 4

Déan rangú ar na cártaí ar bhealach an diamaint thíos.

Céim 5

Breathnaigh ar scéalta Awut agus Ajak arís, (Gníomhaíocht 3), agus féach ar bhaineadh a gcuid cearta díobh, an ceart ar oideachas a fháil, mar shampla. Ní théann páistí Ajak ar scoil toisc nach bhfuil na táillí scoile acu.

Céim 6

D'athraigh Covid-19 an bealach ina mbímid ag foghlaim, ag súgradh, ag teagmháil lenár gcairde. Bhí na scoileanna druidte, na páirceanna poiblí, agus na siopaí. Chaitheamar ár gcuid ama istigh, ar an mór cóir. Pléigh na cearta ar loit Covid-19 iad go háitiúil, cearta ar oideachas agus bheith ag súgradh, mar shampla.

Gníomhaíocht Shínithe

Cuireadh aithne ar Malala Yousafzai ón bPacastáin toisc gur scríobh sí don BBC mar gheall ar an saol faoi thionchar na dTalabanach. Labhair sí amach ar son chearta chailíní an phobail oideachas d'fháil. Ní raibh sí ach aon bhliain déag d'aois. Déan taighde mar gheall ar dhuine amháin a bhí ag troid ar son an cheartais, agus ar son chothroime do chách. Scríobh an t-ainm, an aois, agus an ceart a bhí á lorg.

Rangú Diamaint



INSTITIÚIDÍ LÁIDRE

Is éard is institiúid ann ná eagras a bhunaíodh ar fháthanna reiligiúnacha, oideachasúla, proifisiúnta nó sóisialta, ar nós na heaglaise, na scoile, an ospidéil, nó an chumainn charthanaigh.

Bíonn gá againn le hinstitiúidí láidre lenár gcearta a chosaint, agus le domhan cóir síochánta a ghealladh dúinn. Is institiúid í na Náisiúin Aontaithe (NA) atá freagrach as cearta an duine a chosaint agus a chur chun cinn.

Tá dualgas ar na Rialtais féachaint chuige nach sáraítear cearta an duine ar aon bhealach.

GNÍOMHAÍOCHT 8: NA DAOINE A CHINNTÍONN ÁR GCEARTA

Aidhm

Conas mar a chosnaíonn na hinstitiúidí agus na hoibrithe ár gceart

Acmhainní

Aguisín 6: Na Daoine a Chinntíonn ár gCearta, Aguisín 7: Cártaí Cearta Leanaí, páipéar, peann/peann luaidhe ncil

Am

40 nóiméad

Bíonn gá le go leor institiúidí a bheith ann lenár gcearta a chinntiú. Ní féidir an ceart ar oideachas a bheith againn mura mbíonn na scoileanna agus na coláistí ann. Ní fhéadfaí an ceart ar chúram leighis a chomhlíonadh mura mbeadh na hospidéil agus na hionaid leighis ann. Cabhraíonn na daoine a bhíonn ag obair sna hinstitiúidí seo linn, ár gcearta a chur i bhfeidhm.

Céim 1

Priontáil Aguisín 6: Na daoine a Chinntíonn ár gCearta agus bronn cóip an duine orthu. Iarr orthu an tábla a líonadh suas.

Idirdhealú

Is féidir an tábla a líonadh i mbeirteanna, i ngrúpaí nó mar phlé leis an rang ina iomláine.

Céim 2

An bhfuil aon cheann de na hinstitiúidí ar an liosta i measc an phobail agaibhse? Tarraing mapa chearta leanaí an cheantair, agus cuir na hinstitiúidí ar an mapa. Greamaigh na cártaí cearta leanaí san áit oiriúnach ar an mapa.

Céim 3

Caithfidh an rialtas féachaint chuige nach sáraíonn dream amháin cearta na ndaoine eile. Ba cheart go gcúiseofaí an duine a sháraíonn an dlí, agus an pobal a oiliúint maidir leis an tábhacht a bhaineann lena gcearta a thabhairt do chách.

Mar shampla:

Bhí ar Awut agus ar na leanaí an baile a fhágáil de bharr an chogaidh. Ar chosain rialtas na Súdáine Theas a gcuid cearta, an ceart a bhí acu cosaint a fháil ón gcogadh, mar shampla?

- An mbaintear a gcearta de dhaoine in Éirinn – an ceart fothain a bheith acu, mar shampla?

COINBHLEACHT

Easaontú nó argóint mhórchúiseach ar ábhar éigin, is ea an choinbhleacht

Má bhíonn daoine nó grúpaí in aighneas lena chéile, bíonn coinbhleacht ann. Is rud mórchúiseach a leithéid, toisc nár thángthas ar réiteach go fóill.

Ní ceart an foréigean a úsáid riamh in áit na coinbhleachta. Mar sin féin, tarlaíonn eachtraí den fhoréigean armtha ar fud an domhain, agus bíonn drochthionchar aige féin, agus ag an éiginnteacht a bhaineann leis, ar fhorbairt na tíre atá i gceist. Cuirtear siar an fás eacnamaíoch, agus bíonn casaoid fhadtéarmach go minic i measc an phobail.

Cuireann an foréigean isteach ar shláinte na leanaí, ar a gcuid forbartha, ar an gcumas atá iontu fás aníos go rathúil. Is cúis an tráma é, agus lagaítear ionchuimsiú sóisialta dá bharr. Mura mbíonn fáil ar cheartas, leanann an choinbhleacht agus ní féidir leis an bpobal cosaint ná sásamh a fháil. Tá géarghá le hinstitiúidí láidre a chinnteoidh go mbeidh ceartas ann do chách.

GNÍOMHAÍOCHT 9: CAD A DHÉANFAIDH MÉ?

Majak (4) ag míniú cúrsaí do Nyajima (2). Tá Pawany (7) agus Chiech (6) ag breathnú ar an mbeirt. Grianghraf: Achuoth Deng

Aidhm

Coincheap na coinbhleachta a iniúchadh agus an tionchar a bhíonn aige ar ár gcuid mothúchán, agus ar an bhfolláine a scrúdú

Acmhainn

Páipéar agus peann/peann luaidhe

Am

10 nóiméad

Céim 1

Cad is coinbhleacht ann? Déan ransú smaointe sa rang faoi shainmhínithe éagsúla na coinbhleachta.

Céim 2

An cuimhin leis na daltaí nuair a bhíodar i gcoinbhleacht le cara? Cad a tharla? Conas mar a mhothaíodar? Conas mar a mhothaigh an duine eile a bhí sa choinbhleacht, an dóigh leo?

Céim 3

Conas a mhothófá, agus cad a dhéanfá sa chás thíos:

a) Bíonn tú féin is do chara sa chlós agus bíonn duine ag spochadh as.

b) Caitheann buachaill níos sine, gaineamh le do dheartháir óg sa chlós súgartha.

c) Sciobann duine do liathróid pheile uait agus ritheann amach ag súgradh leis na cairde leis.

d) Bíonn buachaill nó cailín sa rang ag stánadh go minic ort ag cur strainc ar an aghaidh.

e) Tá duine a bhíodh cairdiúil leat tráth, ag scaipeadh bréag mar gheall ort anois i measc na bpáistí eile.

Nuair a bhíonn easaontas i measc pháistí Awut agus Ajak, glacann an bheirt bhan chucu féin an fhreagracht atá ann athmhuintearas agus cairdeas a dhéanamh eatarthu. Labhraíonn siad leo mar gheall ar an ngá atá ann dea-chaidreamh a chothú leis an duine eile.

COINBHLEACHT IDIRNÁISIÚNTA

Chiallaíodh an téarma 'coinbhleacht idirnáisiúnta' tráth, go raibh dhá stát in achrann lena chéile. Baintear úsáid as an téarma sin faoi láthair chomh maith, le cur síos ar an gcoinbhleacht a tharlaíonn i measc ghrúpaí atá ag troid ar son an neamhspleáchais, nó ar son breis cumhachta sa réimse sóisialta, polaitiúil nó eacnamaíoch.

Tharla coinbhleachtaí idirnáisiúnta ar feadh na mblianta, i ngach cearn den domhan, agus in Éirinn chomh maith. Nuair a bhítear ag breathnú agus ag déanamh na gníomhaíochtaí a bhaineann leis an mbeochan seo, seachain an steiréitíopáil nach dtarlaíonn an choinbhleacht ach sa leathsféar theas amháin. Bí cúramach faoi na páistí sa rang a d'fhulaing ón gcoinbhleacht nó ón bhforéigean, agus an tionchar a bheadh ag an obair seo orthu.

Caithfear smaoineamh air gurbh é an pobal áitiúil a thugann an chéad fhreagairt ar an ngéarchéim.

GNÍOMHAÍOCHT 10: COINBHLEACHT AR DOMHAN

Aidhm

Taighde a dhéanamh ar bhrí na coinbhleachta idirnáisiúnta agus an tionchar a bhíonn aige ar chearta na leanaí

Acmhainní

Aguisín 8: Mothúcháin, beochan 'Alex and Mia', peann agus páipéar

Am

30 nóiméad

Céim 1

Breathnaigh ar an mbeochan Alex and Mia'.

Céim 2

I bpéirí, pléigh na cosúlachtaí/difríochtaí atá ann idir do shaol féin agus saol Alex sular tharla an choinbhleacht sa bhaile. Mar shampla: An dtéann sibh ar scoil? An maith leat dul go dtí an pháirc phoiblí? An ndéanann Mam nó Daid an bia is fearr leat a ullmhú anois is arís? Roinn na freagraí leis an rang iomlán. Déan dhá cholún ar an gclár bán – cosúlachtaí agus éagsúlachtaí, agus scríobh síos freagraí an ranga.

Céim 3

Léigh Aguisín 7: Cártaí Cearta na Leanaí. Cad iad na cearta a baineadh de Alex de bharr na coinbhleachta? Scríobh liosta agus míniú. Mar shampla, baineadh an ceart súgradh a dhéanamh de Alex toisc nach raibh an pháirc phoiblí sábháilte go leor.

Céim 4

Iarr ar na daltaí: Dá mbrisfeadh coinbhleacht amach sa bhaile mar a tharla in áit chónaithe Alex, conas mar a mhothófá? I bpéirí, déan cur síos ar thrí mhothúchán a bheadh agat, ar a laghad. Tar éis 5 nóiméad, roinntear na freagraí leis an rang.

Nóta: Cabhraigh leis na daltaí cur síos ar na mothúcháin trí 'Aguisín 8: Mothúcháin' a thaispeáint dóibh, agus rudaí seachas sonas agus brón a phlé.

Céim 5

I nGníomhaíocht 3 d'fhoghlaimíomar faoi shaol Awut. Bhídís ina gcónaí i sráidbhaile darbh Panyijar, ach de bharr choinbhleacht leanúnach, ní rabhadar slán ann.

Céim 6

Nuair a tháinig Awut agus a clann chomh fada le Malek, ní raibh bia ná lóistín acu. Bhí pobal Malek an-chineálta le muintir Awut agus chabhraigh siad leo saol úr a chruthú dóibh féin i measc an phobail. Cuireadh an rang go léir liosta ar fáil de na riachtanais a mbeadh gá leo le maireachtáil in áit chónaithe nua. Mar shampla: bia, uisce, fothain, súsaí, talamh, síolta.

Céim 7

Pléigh na bealaí inar léirigh an pobal an cineáltas, agus an bealach inar chabhraigh siad lena chéile sa bheochan.

CINEÁLTAS

Bronnadh cabhair agus cúnamh ar Awut agus ar a muintir nuair a shroich siad Malek beo bocht.

Roinneann Yomjima (11) torthaí le Nyibak (5) agus comharsana eile. Grianghraf: Achuoth Deng

Ina dhiaidh sin rinne Awut an rud céanna do Ajak agus dá muintir nuair a tháinig siad go Malek gan sealúchas ar bith. Rinne sí an gníomh cineálta do Ajak díreach mar a rinneadh di siúd in am an anró.

Arsa Ajak: 'Chuir Awut fáilte romhainn agus lóistín ar fáil dúinn in aice léi. Bhronn sí bia orm a fhad is a bhíomar ag socrú isteach, toisc nach raibh faic agam. Chabhraigh sí liomsa agus le mo mhuintir. Táim thar a bheith buíoch di.'

Is dlúthchairde iad an dá theaghlach anois. Cabhraíonn siad agus tacaíonn siad agus roinneann siad lena chéile.

'Suímid síos lena chéile le cúrsaí an tsaoil a phlé. Roinnimid go leor rudaí. Má bhíonn sise thíos leis, tugaim ardú meanman di, agus ise mar an gcéanna má bhímse faoi strus. Is ise mo chara dílis. Cabhraímid lena chéile in am an ghátair.'

GNÍOMHAÍOCHT 11: CRANN AN CHINEÁLTAIS

Aidhm

Taispeántas a léiríonn gníomhartha an chineáltais a chur ar taispeáint sa seomra ranga

Plé a dhéanamh faoi na daoine a bhaineann leas as na gníomhartha cineáltais

Acmhainní

Aguisín 9: Duilleoga an chineáltais, páipéar, dathanna, bata gliú, ábhar athchúrsáilte

Am

30 nóiméad

Céim 1

Cruthaigh Crann an Chineáltais sa seomra ranga, ag baint úsáide as an méid ábhar athchúrsáilte agus is féidir. Má tá crann nó planda ard taobh istigh den seomra ranga, is féidir é a mhaisiú le holann dhaite.

Céim 2

Pléigh na gníomhartha cineálta a léirigh Awut agus Ajak i measc phobal Malek. Iarr ar na daltaí na Chabhraigh sí liomsa agus le mo mhuintir. Táim thar a bheith buíoch di.' Is dlúthchairde iad an dá theaghlach anois. Cabhraíonn siad agus tacaíonn siad agus roinneann siad lena chéile. 'Suímid síos lena chéile le cúrsaí an tsaoil a phlé. Roinnimid go leor rudaí. Má bhíonn sise thíos leis, tugaim ardú meanman di, agus ise mar an gcéanna má bhímse faoi strus. Is ise mo chara dílis. Cabhraímid lena chéile in am an ghátair.'

a) Cad é an gníomh cineálta a rinneadh duit?
b) Conas mar a mhothaigh tú?
c) Cé a bhain leas as an ngníomh cineálta? Ar bhain tú féin leas as an ngníomh cineálta?
d) Plé sa Rang: nuair a dhéanann duine gníomh cineálta, cé a bhaineann leas as, an té a bhronnann

Céim 3

Priontáil Aguisín 9: Duilleoga an Chineáltais. Iarr ar na daltaí iad a líonadh agus a chrochadh ón gcrann. Cuir breis duilleoga ar an gcrann aon uair a dhéanann duine sa rang an gníomh cineálta. Glac grianghraf den chrann maisithe agus chuir chuig lydia.mccarthy@trocaire.org (ROI) nó laura.fernandez@trocaire.org (NI) é. Ba bhreá linn an áille chruthaitheach a fheiceáil!

Céim 4

Bhí deis ag Awut tacú le Ajak, díreach mar a thug na daoine eile an tacaíocht di féin. Pléigh é sin leis na daltaí, agus cuir na ceisteanna seo orthu. Conas mar a mhothaigh Awut nuair a bhronnadh cabhair uirthi? Conas mar a mhothaigh sí nuair a chabhraigh sí le Ajak?

Céim 5

Léigh an abairt seo os ard: 'Más féidir leat rud ar bith a dhéanamh, déan an gníomh cineálta.' Pléigh an bhrí atá leis.

BÍ MAR GHNÍOMHAIRE ATHRAITHE. CRUTHAIGH CLUICHE. ATHRAIGH AN DOMHAN.

Foghlaim Trí Chluichí a Imirt

Bealach iontach í an fhoghlaim a bhunaítear ar imirt na gcluichí, le go gcuirfeadh na daoine óga suim i gceisteanna an cheartais dhomhanda, ar bhealach spraíúil úr. Múineann na cluichí réimse scileanna dóibh, an chruthaitheacht agus an tsamhlaíocht ina measc, an smaoineamh criticiúil agus an réiteach fadhbanna, comhoibriú agus grúpobair, agus scileanna a bhaineann leis an oideachas saoil.

GNÍOMHAÍOCHT 12: IMIR AN CLUICHE

Aidhm

Ionbhá a léiriú i leith na ndaoine a díláithríodh de bharr na coinbhleachta

Acmhainní

Cluiche: dísle, cártaí an chluiche

Am

50 nóiméad

Céim 1

Priontáil cóip de chlár an chluiche do na grúpaí ar fad. Priontáil agus gearr amach na cártaí, foireann chártaí amháin le gach clár.

Céim 2

Léigh na treoracha leis na grúpaí agus ansin imir an cluiche.

Céim 3

Pléigh na ceisteanna faisnéise leis an rang.

Nóta: Más maith leat breis cluichí faoin oideachas forbartha a imirt, téigh chuig trocaire.org/gamechangers.

GNÍOMHAÍOCHT 13: AN CLUICHE IS ANSA LIOM

Aidhm

Scrúdú a dhéanamh ar chluichí éagsúla

Comhdhéanamh na gcluichí a thuiscint

An ghné spraoi sa chluiche a aithint

Acmhainní

Páipéar agus peann/peann luaidhe

Am

40 nóiméad

Céim 1

Déan cur síos ar an gcluiche is ansa leat. Freagair na ceisteanna:

a) Cad é an cluiche is ansa leat? Cén fáth?

b) Cén sórt cluiche é? (Cluiche físe, cluiche cláir, cluiche cártaí).

c) Cad iad comhpháirteanna an chluiche? (dísle, cáCad é téama an chluiche? (Cogadh, airgead, stair, spórt).

d) Cad í an ghné spraoi a bhaineann leis? (comórtasach, oideachasúil, éasca le bua a fháil, rialacha simplí)

Céim 2

Cláraigh le Game Changers Programme agus cruthaigh do chluiche féin leis an méid a d'fhoghlaim tú faoi SFI a chur os comhair chách.

Imir Cluichí Oideachas Forbartha Trócaire



Cluiche an Dúshaothraithe

Cosantóirí Chearta an Duine

Tionscadal Hondúras

trocaire.org/gamechangers

CLÁR GHNÍOMHAIRÍ ATHRAITHE AR LÍNE

Don bhliain acadúil 2020/21 beidh 'Gníomhairí Athraithe' mar chlár iomlán ar líne. Tá trí chéim sa chlár:

Céim 1
- CPD
- Tasc

Céim 2
- Ceardlann Ranga/Grúpa
- Tasc

Céim 3
- Roinnt
- Tasc

Cuir isteach ar an gcomórtas GNÍOMHAIRÍ ATHRAITHE

Samplaí:

Céim 1: CPD + Tasc

CPD AR LÍNE mar gheall ar an fhoghlaim bunaithe ar imirt na gcluichí agus fócas ar na SFI

TASC: Déan seisiún mar gheall ar SFI a reáchtáil leis an ngrúpa

(tacaíocht agus ábhar ar fáil)

Céim 2: Ceardlann Ranga/ Grúpa + Tasc

Ceardlann Trócaire ar líne le do rang/grúpa faoi conas cluiche a chruthú

TASC: Forbraíonn na daoine óga

Céim 3: Roinnt + Tasc

Roinn na cluichí le scoileanna/ grúpaí eile ar Zoom

TASC: Athscag, agus críochnaigh an cluiche

Téigh chuig gamechangers@trocaire.org agus glac páirt sa chlár.

GNÍOMHAÍOCHT 14: BÍ GNÍOMHACH

Bí Gníomhach!

Céim 1

Téigh chuig trocaire.org/gamechangers

Céim 2

Cláraigh leis an gclár Gníomhairí Athraithe 2021 ar líne

Céim 3

Cruthaigh do chluiche féin le haird a tharraingt ar na SFI

Tá an clár:

- Solúbtha, éasca le cur in oiriúint don scoil indibhidiúil nó don chlub óige
- Deartha le comhlánú a dhéanamh leis an gcuraclam Bunscoile & Iar-bhunscoile agus leis an bplean oibre náisiúnta don óige
- Cuirfear scileanna na comhbhá, na cruthaitheachta, oideachas idir piaraí agus scileanna eile ar aghaidh. Má chríochnaítear an clár foghlaimeoidh na hoideoirí agus na daoine óga faoi:
- Na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe
- Modhanna foghlamtha bunaithe ar na cluichí
- Conas cluiche bunaithe ar chúrsaí cheartas domhanda a chruthú

AGUISÍN 1: SFI CÁRTA BIONGÓ

Is iad na 6 Spriocanna Domhanda a roghnaigh mise ná:

AGUISÍN 2: DOMHAN SÍOCHÁNTA

Ár sainmhíniú maidir le seomra ranga síochánta:

_____

_____

_____

_____

Cairt an tseomra ranga

1. _____

2. _____

3. _____

4. _____

5. _____

AGUISÍN 3: BRIOSCAÍ CÓRA

Roinn grúpa cúigear dhalta paicéad brioscaí eatarthu. Bhí 10 mbriosca sa phaicéad. Níor roinneadh na brioscaí go cothrom. Tháinig an múinteoir isteach le paicéad eile de na brioscaí céanna. Bhreathnaigh sí ar na plátaí agus í ag roinnt na mbrioscaí nua. Bhronn sí 4 bhriosca ar Jenny, 3 ar Áine, 1 ar Sara, 2 ar Mark agus gan aon cheann ar Sheán. Rinne Seán gearán ag rá nach raibh sé cothrom nach bhfuair sé briosca ar bith, agus gur cheart go bhfaigheadh gach duine an méid céanna.

Seán …



Mark …



Sara …



Áine …



Jenny …



AGUISÍN 4: AN BHFUIL SÉ COTHROM?

AGUISÍN 5: MURA MBEADH ACH 100 DUINE AR DOMHAN

Cé mhéad duine a chónódh i ngach ilchríoch?

(Scríobh an freagra sa chiorcal.)



Mura mbeadh ach 100 duine ar domhan			
	Tomhais	**Freagra**	**Sa Rang Seo**
Cé mhéad duine a mbeadh bia acu?			
Cé mhéad duine a mbeadh uisce glan ar fáil dóibh?			
Cé mhéad duine a mbeadh leictreachas ar fáil dóibh?			
Cé mhéad duine a mbeadh leithreas ar fáil dóibh?			
Cé mhéad duine a mbeadh tithíocht ar fáil dóibh?			
Cé mhéad duine a mbeadh leigheas ar fáil dóibh?			
Cé mhéad duine a mbeadh oideachas ollscoile ar fáil dóibh?			

AGUISÍN 6: NA DAOINE A CHINNTÍONN ÁR GCEARTA

Líon an tábla thíos.

Institiúid	**Ceart**	**Daoine**
Ospidéal	*An ceart cúram leighis a fháil*	*Dochtúirí, altraí*
Scoil		
Trócaire		
Eaglais/Mosc/ Sionagóg/Gurdwara		
Clubanna spóirt, rince, aclaíochta		
Gasóga/Banóglaigh		
An tSeirbhís Phoiblí/ Gardaí		
Aon Duine Eile?		

AGUISÍN 7: CÁRTAÍ CEARTA LEANAÍ



Tá an ceart ag gach leanbh bia a fháil.

Tá an ceart ag gach leanbh tithíocht a fháil.

Tá an ceart ag gach leanbh uisce glan a fháil.

Tá an ceart ag gach leanbh súgradh agus sos a fháil.

Tá an ceart ag gach leanbh oideachas a fháil.

Tá an ceart ag gach leanbh a bheith slán.

Tá an ceart ag gach leanbh éisteacht a fháil.



Tá an ceart ag gach leanbh cúram leighis a fháil.



Tá an ceart ag gach leanbh cosaint ón gcogadh a fháil.

AGUISÍN 8: MOTHÚCHÁIN

Sona

Brónach

Eaglach

Buartha

Cúthail

Imníoch

Mearaithe

Ocrach

Dubh Dóite

Feargach

Suaite

I nGrá

Tinn

Faoi Ghruaim

Neirbhíseach

Cantalach

Gortaithe

Spreagtha

AGUISÍN 9: DUILLEOGA AN CHINEÁLTAIS







TRÓCAIRE
GNÍOMHAIRÍ ATHRAITHE

Cruthaigh Cluiche. Athraigh an Domhan.

Comórtas do dhaoine óga a chreideann gur féidir an domhan a athrú trí mheán na gcluichí!

CLUICHE CLÁIR | CLUICHE CÁRTAÍ | CLUICHE FÍSE

Is féidir le daltaí sna ranganna 3 – 6/P5 – P7, cur isteach ar an gcomórtas. Caithfidh gach iontráil a bheith againn faoin 14 Bealtaine 2021. Is féidir treoracha mar gheall ar dhearadh na gcluichí, foirmeacha iontrála, agus radharc ar na cluichí buacacha 2020 a fháil ag: trocaire.org/gamechangers

IS É TRÓCAIRE GNÍOMHAIREACHT FHORBARTHA THAR LEAR NA HEAGLAISE CAITLICÍ IN ÉIRINN

Curtha ar fáil ag Foireann Oideachas Forbartha Trócaire, 2021. Údar: Laura Rio Fernandez. Buíochas ó chroí leis na hoideachasóirí a chabhraigh linn an acmhainn seo a fhorbairt agus a thástáil: Cecelia Gavigan, Miriam Lockhart, James Kealy, agus Laura Toal

Clúdach: Ajak (34) agus triúr páiste: Pawany (7), Chiech (6), agus Majak (4). Grianghraf: Achuoth Deng

Bí linn ar:

Facebook: facebook.com/trocaireireland – Bí i dteagmháil

Twitter: twitter.com/trocaire – Na tvuíteanna is déanaí

YouTube: youtube.com/trocaire – Tacaíonn sibh leo

Vimeo: vimeo.com/trocaire – Féach na físeáin

Instagram: instagram.com/trocaireonline – Grianghraif & físeáin

Bí i dteagmháil linn:

Trócaire, Maigh Nuad,
Co. Chill Dara, Éire
F: +353 (0)1 629 3333
R: schools@trocaire.org

Trócaire, 50 Sr. an Rí
Béal Feirste BT1 6AD,
Tuaisceart Éireann
F: +44 (0) 28 90 808 030
R: infoni@trocaire.org

Trócaire, 9 Sr. An Chócaigh,
Corcaigh, Éire
F: +353 (0)21 427 5622
R: corkcentre@trocaire.org

www.trocaire.org

Irish Aid
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
Department of Foreign Affairs and Trade

Aithníonn Trócaire go buíoch an tacaíocht a thugann Cúnamh Éireann dúinn agus a chuireann ar ár gcumas imeachtaí Oideachas Forbartha agus Rannpháirtíocht an Phobail a chur ar fáil in Éirinn. Tá an fhreagracht ar na húdair as an ábhar, as na bealaí oibre agus as na gníomhaíochtaí a léirítear san acmhainn seo, agus ní gá go mbeidís ag réiteach le polasaithe Cúnamh Éireann.

Glacann Trócaire go mór chugainn féin na dualgais atá orainn maidir le do shonraí pearsanta, agus táimid tiomanta chuige, cloí leis an dlí náisiúnta agus idirnáisiúnta um chosaint sonraí, siad sin An tAcht um Chosaint Sonraí 1988–2018 agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS – uathrialaithe i mballstáit AE Bealtaine 2018). Le breis eolais a fháil maidir leis an mbealach ina ndéanaimid do chuid sonraí a phróiseáil is a chosaint, téigh chuig trocaire.org/privacy-security nó is féidir cóip den ráiteas príobháideachta a lorg uainn.

TAG: E8